2055

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Scrúduithe Sheimeastar I, 2005/2006

Cód Scrúdaithe	1CF1
Scrúdú	Ard-Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach
Códmodúil	CF885
Modúl	Raidió 1
Uimhir Pháipéir	1
Scrúdaitheoirí Inmheánacha	Pádraig Ó Héalaí Brian Ó Donnchadha Fionn Ó Sealbhaigh Máirín Ní Ghadhra Aodh Ó Coileáin
Scrúdaitheoir Seachtrach	Pádraig Ó Gaora
Treoracha	Trí cheist le freagairt 15 marc.
Fad Páipéir	Trí huaire an chloig a cheadófar.
Líon freagarleabhar	3
Comhordaitheoir	Brian Ó Donnchadha

Trí cheist le freagairt, ceann ó Chuid 1, ceann ó Chuid 2 agus ceann ó Chuid 3. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist agus bíodh an Chuid marcáilte go soiléir air.

Cuid 1

1. Déan cur síos ar an tionchar a bhíonn ag raidió ar an tsochaí agus ar dhaoine aonaracha. (60%)

Agus

Pléigh na forbairtí atá tagtha ar sheirbhísí raidió in Éirinn le caoga bliain anuas. (20%)

Agus

Mínigh cén difríocht atá idir raidió sa tseirbhís craolacháin poiblí agus stáisiún tráchtála. (20%)

2. Déan cur síos ar an bpróiséas a úsáidtear le clár irise a chur le chéile. (60%)

Agus

Mínigh an difríocht idir nuacht agus cúrsaí reatha. (20%)

Agus

Déan cur síos ar an ullmhúchán is ceart a dhéanamh i gcóir agallaimh (20%)

Cuid 2

3. Mínigh céim ar chéim conas agallamh a thaifeadadh go miondiosca sa stiuideó in Áras na Gaeilge ag baint úsáid as an deasc fuaime, maidhc comhdlúthach agus an taifeadán miondiosca Sony. Déan tagairt do gach sreang, cnaipe agus lasc atá le n-úsáid agat.

4. Mínigh céim ar chéim conas agallamh le láithreoir ar cheamara a thaifeadadh. Is é seo an trealamh atá ar fáil duit;

- JVC GY DV 5000 (Ceamara ADCF)
- Meascóir fuaime SQN 2S
- maidhc raidhfil mór

Déan tagairt do gach sreang, cnaipe agus lasc atá le n-úsáid agat.

Cuid 3

5. Scríobh script do thuairisc teilifise, 1'30" ar fhaid, bunaithe ar na firicí seo leanas:

Corp mná faighte trathnóna Dé Luain
Inis Díomáin, Co. an Chláir
Cailín seacht mbliana déag marbh – tachtaithe!
Gardaí ag rá go raibh "baint aici le drugaí" go háitiúil
D'fhág sí dioscó ar an mbaile le fear níos sine ag 1.55rn an lá céanna. Facthas go deirneach i Supermacs í tar éis a dó a chlog
Níor aithin aon duine eile ag an dioscó an fear a bhí léi
Deir beirt fhear óga leis na Gardaí gur ag díol *ecstasy* a bhí sé
Deir tuismitheoirí an chailín go raibh uncail léi, sa bhaile ar saoire ó Dubrovnik, ina comhluadar Dé Domhnaigh
Níl aon radharc air, Gardaí ag iarraidh labhairt leis
Adhlacadh an cailín Dé Céadaoin
Eagla agus sceoin ar mhuintir Inis Díomáin

6. Tabhair éachtaint (i gcúpla focal) ar na pictiúir a d'úsáidfeá don tuairisc seo:

Lá ciúin, síochánta, marbhánta atá ann. Tá tú suite sa seomra nuachta teilifíse de chuid ADCF (craoltóir náisiúnta atá lonnaithe in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh). Iarrtar ort scéal a aimsiú i gcóir an tráthnóna. Níl aon rud ag briseadh.

Ag déanamh tagairt do na rudaí seo a leanas, cén chaoi a dtabharfaidh tú faoin obair?

- Céard is nuacht ann
- An lucht féachana
- Foinsí na Nuachta